Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath Dublin City Council

dlr Comhairle Contae County Council

Comhairle Contae Fhine Gall Fingal County Council

Comhairle Contae Átha Cliath Theas South Dublin County Council

HSE

**Dé Luain, an 12 Deireadh Fómhair 2020**

**LITIR OSCAILTE CHUIG SAORÁNAIGH BHAILE ÁTHA CLIATH**

A Chairde,

I ndiaidh go ndearnamar ár ndícheall roimhe seo chun moill a chur ar scaipeadh an víris COVID-19, táimid ag troid arís eile in aghaidh an ghalair seo a d'fhéadfadh a bheith marfach agus atá tar éis roinnt dár gcomhshaoránaigh a mharú agus a bpoist a bhaint de roinnt eile díobh.

Gabhaimid buíochas leis na saoránaigh siúd atá ag cloí leis an gcomhairle agus an treoir Sláinte Poiblí cheana féin agus a bhfuil freagracht phearsanta á glacadh acu as a gcuid gníomhartha. Tá Baile Átha Cliath fós ar Leibhéal 3 de Chreat Náisiúnta an Rialtais um Maireachtáil le COVID-19, áfach. Impímid anois ar gach duine ar fud measc ár gceithre limistéar údaráis áitiúil chun a seacht ndícheall a dhéanamh arís eile chun dul i ngleic leis an namhaid bhaolach seo a bhfuil an oiread sin damáiste á dhéanamh aige dár sláinte, dár ngeilleagar agus don bhealach a mhairimid.

Tá gach rud á dhéanamh ag ár n-oibrithe túslíne is féidir leo chun troid in aghaidh COVID-19 agus gabhaimid buíochas leo, thar do cheann, don obair dhochreidte atá déanta acu go dtí seo. Ach teastaíonn níos mó ná moladh uathu chun an bua a fháil sa troid in aghaidh COVID-19. Teastaíonn uathu go dtéann sinne, saoránaigh Bhaile Átha Cliath, i mbun gníomh éifeachtach chun moill mhór a chur ar cé chomh tapa atá an víreas COVID-19 á scaipeadh.

Is é an t-aon rud is gá dúinne, saoránaigh Bhaile Átha Cliath, a dhéanamh ná cloí leis an gcomhairle agus an treoir Sláinte Poiblí a chuireann Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte ar fáil agus ceithre rud a dhéanamh:

- Ár lámha a ní go rialta.
- Fad dhá mhéadar a choimeád amach ó dhaoine eile.
- Masc aghaidhe a chaitheamh nuair nach féidir fad a choimeád amach ó dhaoine nó nuair a iarrtar orainn é sin a dhéanamh.
- An méid daoine a ndéanaimid teagmháil shóisialta leo a laghdú.

Má bhíonn comharthaí COVID-19 orainn, tá sé tábhachtach go ndéanaimid teagmháil lenár ndochtúir agus go gcloímid leis an gcomhairle a chuireann siad orainn. Má mholann ár ndochtúir nó comhairle Sláinte Poiblí dúinn chun aonrú a dhéanamh nó chun srian a chur ar ár ngluaiseachtaí, is tábhachtach go gcloímid lena gcomhairle chun slabhra an tarchuir a ghearradh.

Is eol dúinn cheana féin gur cuma leis an ngalar seo cén aois thú, cén inscne thú, cé thú féin, nó cá bhfuil cónaí ort. Caithfimid caitheamh leis an ngalar mar namhaid bhaolach agus oibriú as lámh a chéile chun stop a chur lena scaipeadh trínár bpobail agus saol ár ndaoine muinteartha, ár gcomharsana, ár gcomhghleacaithe agus ár gcairde a chur i mbaol.

Iarraimid oraibh, is cuma más saoránach Chathair Bhaile Átha Cliath, Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, Fhine Gall, nó Bhaile Átha Cliath Theas sibh, chun an obair is gá dúinn a dhéanamh anois a aithint, mar dhaoine aonair agus mar phobail, chun an méid cásanna a laghdú, chun ár ráta ionfhabhtaithe a laghdú agus chun an méid daoine atá á dtabhairt chuig an ospidéal a laghdú.

DRAFT

Glacaigí freagracht phearsanta as bhur ngníomhartha, cloígí leis an treoir a chuireann Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte ar fáil, agus leanaimis ag oibriú as lámh a chéile chun sinn féin, ár dteaghlaigh agus ár bpobail a chosaint.

Bígí sábháilte.

**An Comhairleoir Hazel Chu**
Ard-Mhéara Bhaile Átha Cliath

**An Comhairleoir Úna Power**
Cathaoirleach, Comhairle Contae
Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin

**An Comhairleoir David Healy**
Méara Fhine Gall

**An Comhairleoir Ed O'Brien**
Méara Chomhairle Contae
Bhaile Átha Cliath Theas

**An Dr Deirdre Mulholland**
Stiúrthóir Sláinte Poiblí,
FSS an Oirthir

**An Coimisinéir Cúnta Paula Hilman**
Póilíniú Bóithre agus Rannpháirtíocht sa
Phobal, an Garda Síochána

DRAFT